Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2022
(OR. en)

8410/22

LIMITE

CORLX 376
CFSP/PESC 526
CYBER 130
JAI 523
FIN 463

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797[1].

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/797 go dtí an 18 Bealtaine 2022. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur le bailíocht an Chinnidh sin go dtí an 18 Bealtaine 2025 agus ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 18 Bealtaine 2023.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129I 17.5.2019, lch. 13).

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2019/797:

'*Airteagal 10*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 18 Bealtaine 2025 agus coinneofar faoi athbhreithniú leanúnach é. Beidh feidhm ag na bearta a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a mhéid a bhaineann leis na daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, go dtí an 18 Bealtaine 2023.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC